Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 14

# An tSaotharlann Stáit

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhair thuarastail agus speansais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €238,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheimiceoir Stáit. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbh iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna á gcur ar fáil don tSaotharlann Stáit.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an mbainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den tSaotharlann Stáit
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- go gcinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSaotharlann Stáit ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSaotharlann Stáit neamhchosanta orthu a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn rollach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte. Chuir an tSaotharlann Stáit sonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an tSaotharlann Stáit agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Dearbhaím go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh a shonraítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Saotharlainne Stáit ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den tSaotharlann Stáit a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus dheimhnigh na torthaí gur lean na rialuithe go léir ag feidhmiú le linn shrianta Covid-19 de réir mar a d’fhan an tSaotharlann Stáit ar oscailt ar fud na paindéime.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020, ar laigí iad atá ina gcúis, nó a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis, le caillteanas ábhartha.

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

31 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tSaotharlann Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh 2021

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

# Cuntas Leithreasa 2020

| | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach | 11,317 | 11,061 | 10,831 |
| **Ollchaiteachas** | **11,317** | **11,061** | **10,831** |
| *Lúide* | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,046** | **1,028** | **1,623** |
| **Glanchaiteachas** | **10,271** | **10,033** | **9,208** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **238,248** | **586,865** |

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 6,030 | 5,646 |
| Neamhphá | | 5,031 | 5,185 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,061** | **10,831** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,028** | **1,623** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,033** | **9,208** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (638) | | |
| Dímheas | 906 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | — | 268 | (301) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (824) | | |
| Méadú ar stoc | (11) | (835) | 397 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **9,466** | **9,304** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,488 | 1,369 |
| Measchíosanna | | 1,688 | 1,688 |
| **Glanchostas an chláir** | | **12,642** | **12,361** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 14 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | 8 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,447 | 1,320 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 22 | 32 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 11 | 9 |
| | | **1,488** | **1,369** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,930 | 2,198 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 237 | 85 |
| Stoic | 2.3 | 233 | 222 |
| Réamhíocaíochtaí | | 933 | 493 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 8 | 11 |
| Ioncam fabhraithe | | 93 | 58 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | — | 112 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,504** | **981** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 120 | 469 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 221 | 208 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 24 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **365** | **677** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,139 | 304 |
| **Glansócmhainní** | | **3,069** | **2,502** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **3,069** | **2,502** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 12,873 | 559 | 13,432 |
| Breiseanna | 638 | — | 638 |
| Diúscairtí | (143) | — | (143) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 13,368 | 559 | 13,927 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 10,690 | 544 | 11,234 |
| Dímheas don bhliain | 904 | 2 | 906 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (143) | — | (143) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 11,451 | 546 | 11,997 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **1,917** | **13** | **1,930** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 2,183 | 15 | 2,198 |

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 237 | 82 |
| Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála | — | 2 |
| Mionairgead | — | 1 |
| | **237** | **85** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhar inchaite ceimiceach agus saotharlainne | 196 | 187 |
| Stáiseanóireacht agus ábhar inchaite TF | 37 | 35 |
| | **233** | **222** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 4 | — |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | — | 1 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | 2 | 8 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim um rothaíocht chun oibre | 2 | 2 |
| | **8** | **11** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 83 | 74 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 54 | 50 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 16 | 15 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach | 21 | 23 |
| | 175 | 163 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 46 | 45 |
| | **221** | **208** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 238 | 587 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (214) | (699) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **24** | **(112)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 237 | 85 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 8 | 11 |
| | 245 | 96 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (175) | (163) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (46) | (45) |
| | (221) | (208) |
| | **24** | **(112)** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,502 | 2,598 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 10,271 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (238) | | |
| Glanvóta | | | 10,033 | 9,208 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 1,488 | 1,369 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,688 | 1,688 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (12,642) | (12,361) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **3,069** | **2,502** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí | 485 | 631 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **485** | **631** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Shaotharlann Stáit Vóta 14 mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar chlár amháin: Saotharlann anailíseach rialtais agus seirbhís chomhairleach.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 6,237 | 6,030 | 5,646 |
| ii | Taisteal agus cothú | 45 | 8 | 39 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 325 | 278 | 288 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 60 | 52 | 49 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 3,127 | 2,997 | 3,239 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,458 | 1,671 | 1,507 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 65 | 25 | 63 |
| | | **11,317** | **11,061** | **10,831** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó anailísí éagsúla, scrúduithe, tástálacha, srl. | 850 | 834 | 965 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 196 | 193 | 195 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | — | 1 | 463 |
| | **Iomlán** | **1,046** | **1,028** | **1,623** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **101** | **98** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,536 | 5,194 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 24 | 22 |
| ÁSPC an Fhostóra | 470 | 430 |
| **Pá iomlán** | **6,030** | **5,646** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1 | 1 | 21,538 | 19,902 |
| Liúntais eile | 3 | — | 1,154 | 1,154 |

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% AHCPS, fuair 11 oifigeach liúntais PCW. Ba é an tsuim iomlán a íocadh ná €33,485 (2019 €28,833).

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 4 | 3,662 | 2,172 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | — | 1 | 2 |